



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 27 Samhain 2019
(OR. en)

2018/0145 (COD)
LEX 1980

PE-CONS 82/1/19
REV 1

ENT 129
IND 161
MI 404
ENV 457
TRANS 314
IA 144
CODEC 1032

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE
CEANGLAIS CHINEÁLCHHEADAITHE DO MHÓTARFHEITHICLÍ AGUS A LEANTÓIRÍ,
AGUS CÓRAIS, COMHPHÁIRTEANNA AGUS AONAIÐ THEICNIÚLA AR LEITHLIGH LE
hAGHAIDH FEITHICLÍ DEN SÓRT SIN, A MHÉID A BHAINNEANN LENA SÁBHÁILTEACHT
GHINEARÁLTA AGUS COSAINT NA nDAOINE ATÁ I bhFEITHICLÍ AGUS ÚSÁIDEOIRÍ
SOGHONTA BÓTHAIR, LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (AE) 2018/858 Ó PHARLAIMINT
NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AGUS LENA n-AISGHAIRTEAR RIALACHÁIN (CE)
UIMH. 78/2009, (CE) UIMH. 79/2009 AGUS (CE) UIMH. 661/2009 Ó PHARLAIMINT NA
hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AGUS RIALACHÁIN (CE) UIMH. 631/2009, (AE) UIMH.
406/2010, (AE) UIMH. 672/2010, (AE) UIMH. 1003/2010, (AE) UIMH. 1005/2010, (AE) UIMH.
1008/2010, (AE) UIMH. 1009/2010, (AE) UIMH. 19/2011, (AE) UIMH. 109/2011, (AE) UIMH.
458/2011, (AE) UIMH. 65/2012, (AE) UIMH. 130/2012, (AE) UIMH. 347/2012, (AE) UIMH.
351/2012, (AE) UIMH. 1230/2012 AGUS (AE) 2015/166 ÓN gCOIMISIÚN**

RIALACHÁN (AE) 2019/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Samhain 2019

maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO L 440, 6.12.2018, lch. 90.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2019.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh nua uile d'fhonn dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus chun ardleibhéal feidhmíochta sábháilteachta agus comhshaoil a chur ar fáil.
- (2) Is gníomh rialála é an Rialachán seo chun críocha nós imeachta cineálcheadaithe AE a leagtar síos le Rialachán (AE) 2018/858. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 a leasú dá réir. Tá forálacha riaracháin Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear na forálacha maidir le bearta ceartaitheacha agus pionóis, infheidhme go hiomlán maidir leis an Rialachán seo.

¹ Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

- (3) Leis na deichbhlianta anuas, chuir forbairtí i sábháilteacht feithicle go mór le laghdú foriomlán i líon na mbásanna ar na bóithre agus líon na ngortuithe tromchúiseacha. Fuair 25 300 duine bás ar bhóithre an Aontais in 2017, áfach, ar figiúr é sin atá mórán gan athrú le ceithre bliana anuas. Thairis sin, gortaítear 135 000 duine go dona gach bliain in imbhualtí ar bhóithre AE¹. Ba cheart don Aontas gach is féidir leis a dhéanamh chun timpistí agus gortuithe in iompar de bhóthar a laghdú nó a dhíothú. Sa bhreis ar bhearta sábháilteachta chun daoine i bhfeithiclí a chosaint, tá gá le bearta sonracha a chur chun feidhme ar mhaithe le básanna agus gortuithe a bhaineann d'úsáideoirí soghonta bóthair, amhail rothaithe agus coisithe, chun úsáideoirí bóthair lasmuigh den fheithicil a chosaint. Gan tionscnaimh nua maidir le sábháilteacht ar bhóithre i gcoitinne, ní bheidh na tionchair atá ag an gcur chuige atá ann faoi láthair ó thaobh sábháilteachta de in ann ag an méadú atá ag teacht ar an trácht. Dá bhrí sin, ní mór feidhmíocht sábháilteachta feithiclí a fheabhsú tuilleadh mar chuid de chur chuige comhtháite maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus chun úsáideoirí soghonta bóthair a chosaint ar bhealach níos fearr.

¹ https://ec.europa.eu/transport/road_safety/sites/roadsafety/files/vademecum_2018.pdf

- (4) Leis na forálacha cineálcheadaithe, ba cheart a áirithiú go ndéantar leibhéal feidhmíochta mótarfheithicle a mheasúnú ar shlí a fhágann gur féidir na measúnuithe a athdhéanamh agus gur féidir iad a atáirgeadh. Dá bhrí sin, is do choisithe agus rothaithe amháin a thagraíonn na ceanglais theicniúla sa Rialachán seo mar gurb iadsan amháin, i láthair na huaire, atá ann mar spriocábhair do thástáil atá comhchuibhithe go foirmiúil. Taobh amuigh de choisithe agus rothaithe, ba cheart a áireamh ar úsáideoirí soghonta bóthair, go ginearálta, úsáideoirí bóthair eile gan inneall nó le hinneall a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid réitigh soghluaisteachta pearsanta nach bhfuil aon chabhalra cosanta orthu. Thairis sin, cruthaíonn an teicneolaíocht reatha ionchas réasúnach go mbeidh córais ardhorbartha in ann oibriú i bhfreagairt d'úsáideoirí soghonta bóthair eile faoi ghnáthdhálaí tiomána, cé nach bhfuil tástáil shainiúil déanta ar an teicneolaíocht sin. Ba cheart na ceanglais theicniúla sa Rialachán seo a oiriúnú tuilleadh don dul chun cinn teicniúil i ndiaidh próiseas measúnaithe agus athbhreithnithe chun gach úsáideoir bóthair a úsáideann réitigh soghluaisteachta pearsanta nach bhfuil aon chabhalra cosanta orthu a chlúdach, amhail scútair, feithiclí féinchothromaithe agus cathaoireacha rothaí.
- (5) Mar gheall ar dhul chun cinn teicniúil i réimse na n-ardchóras sábháilteachta feithicle cuirtear féidearthachtaí nua ar fáil chun líon na dtaisimeach a laghdú. Chun líon ngortuithe tromchúiseacha agus na mbásanna a íoslaghdú, ní mór tacar teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach.

- (6) I gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, rinne an Coimisiún measúnú an féidir an ceanglas atá sa Rialachán sin faoi láthair go ndéanfaí córais áirithe (mar shampla ardchórais coscánaithe éigeandála agus córais faireacháin bhrú na mbonn) a fheistiú i gcatagóirí éagsúla feithicle a leathadh amach ionas go mbeidh feidhm aige maidir le gach catagóir feithicle. Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar an indéantacht theicniúil agus eacnamaíoch i dtaobh ceanglas nua a fhorchur chun ardghnéithe sábháilteachta eile a fheistiú, agus ar aibíocht an mhargaidh ina leith sin. Bunaithe ar na measúnuithe sin, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i an 12 Nollaig 2016 dar teideal "Saving Lives: Boosting Car Safety in the EU" [Beatha a shábháil: Sábháilteacht i gcarranna a chur chun cinn san Aontas Eorpach]. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil sin sainmhíníodh agus cuireadh ar aghaidh 19 mbeart rialála féideartha a bheadh éifeachtach chun líon na dtionóiscí bóthair agus líon na mbásanna agus na ngortuithe a laghdú a thuilleadh.
- (7) Chun neodracht theicniúil a áirithiú, ba cheart a cheadú, leis na ceanglais feidhmíochta, córais faireacháin dhíreacha agus indíreacha bhrú na mbonn a bheith ann.
- (8) Is féidir leis na hardchórais feithicle a bheith níos éifeachtaí ó thaobh básanna a laghdú, an líon timpistí bóthair a laghdú agus ó thaobh gortuithe agus damáiste a mhaolú má bhíonn siad deartha sa chaoi go mbeidh siad áisiúil do na húsáideoirí. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróirí feithiclí a lándícheall a dhéanamh chun a áirithiú go ndéantar na córais agus gnéithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a fhorbairt ar shlí a thacóidh leis an tiománaí. Ba cheart feidhmiú na gcóras agus na ngnéithe sin mar aon leis na teorannuithe a ghabhann leo, a mhíniú i dtreoracha úsáideora na mótarfheithicle ar shlí atá soiléir agus sothuigte don thomhaltóir.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 200, 31.7.2009, lch. 1).

- (9) Ba cheart go mbeadh gnéithe sábháilteachta agus foláirimh a úsáidtear chun cabhrú leis an tiomáint le feiceáil go héasca ag gach tiománaí, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.
- (10) Ardchórais coscánaithe éigeandála, cúnamh cliste luais, córais éigeandála le fanacht i lána, rabhadh codlatachta agus aire tiománaí, ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí agus brath cúlaithe, is córais sábháilteachta iad a d'fhéafadh líon na dtaismeach a laghdú go mór. Sa bhreis air sin, tá cuid de na córais sábháilteachta sin ina mbunús do theicneolaíochtaí a úsáidfear chun feithiclí uathoibrithe a imscaradh freisin. Aon chóras sábháilteachta den sórt sin, ba cheart dó feidhmiú gan úsáid a bhaint as aon chineál faisnéise bithmhéadraí faoi na tiománaithe nó na paisinéirí, lena n-áirítear aitheantas aghaidhe. Dá bhrí sin, ní mór rialacha agus nósanna imeachta tástála comhchuibhithe i ndáil le cineálcheadú feithiclí maidir leis na córais sin agus i ndáil le cineálcheadú na gcóras sin mar aonaid theicniúla ar leithligh a bhunú ar leibhéal an Aontais. Ba cheart dul chun cinn theicniúil na gcóras sin a chur san áireamh i ngach meastóireacht a dhéantar ar an reachtaíocht atá cheana ann, chun go mbeidh sé in ann a bheith stóinseach don todhchaí, agus prionsabail na príobháideachta agus na cosanta sonraí á gcomhlíonadh go docht, agus chun timpistí agus gortuithe in iompar de bhóthar a laghdú nó a dhíothú. Is gá a áirithiú freisin gur féidir na córais sin a úsáid go sábháilte i rith shaolré na feithicle.

- (11) Ba cheart é a bheith indéanta an cúnamh cliste luais a chasadh as, mar shampla, nuair a bhíonn rabhaidh bhréige nó aiseolas míchuí á bhfáil ag an tiománaí mar thoradh ar dhroch-aimsir, marcálacha bóthair sealadacha i limistéir oibreacha bóthair a thugann atá ina gcúis le foláirimh chontrártha, nó comharthaí bóthair a bheith míthreorach, fabhtach nó in easnamh. Ba cheart an ghné sin inar féidir casadh as a bheith faoi smacht an tiománaí. Ba cheart di ligean don chúnamh cliste luais a bheith casta as chomh fada agus is gá agus an tiománaí a bheith in ann í a chasadh air arís go héasca. Nuair a bhíonn an córas casta as, d'fhéadfadh sé go dtabharfaí faisnéis fós faoin teorainn luais. Ba cheart go mbeadh an córas gníomhach i gcónaí nuair a dhúisítear an t-ineall agus ba cheart go mbeadh an tiománaí ar an eolas i gcónaí faoin gcóras a bheith casta air nó as.
- (12) Aithnítear go forleathan go bhfuil criosanna sábhála ar cheann de na gnéithe sábháilteachta is tábhachtaí agus is éifeachtaí san fheithicil. Dá bhrí sin, is féidir le córais mheabhrúcháin criosa sábhála básanna a chosc nó gortuithe a mhaolú trí na rátaí do chaitheamh criosa sábhála ar fud an Aontais a mhéadú. Ar an gcúis sin, foráladh faoi Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 go bhfuil córas meabhrúcháin criosa sábhála éigeantach do shuíochán an tiománaí i ngach carr paisinéirí nua ó 2014 trí Rialachán Uimh. 16 de chuid na Náisiún Aontaithe (NA) a chur chun feidhme, arbh é an rialachán é lenar bunaíodh na forálacha teicniúla ábhartha. Mar thoradh ar leasú an Rialachán sin de chuid NA a leasú chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh, tá sé éigeantach córais mheabhrúcháin criosa sábhála a fheistiú ar gach suíochán tosaigh agus deiridh d'fheithiclí M_1 agus N_1 , chomh maith leis na suíocháin tosaigh go léir i bhfeithiclí N_2 , N_3 , M_2 agus M_3 , amhail ón 1 Meán Fómhair 2019 do chineálacha mótarfheithiclí nua agus amhail ón 1 Meán Fómhair 2021 do gach mótarfheithicil nua.

- (13) Is céim thábhachtach é tabhairt isteach taifeadáin sonraí teagmhais lena stórálfar sraith sonraí feithicle ríthábhachtacha atá i ndíth ainm, in éineacht le ceanglais le haghaidh raon, cruinneas agus taifeach sonraí agus le haghaidh a mbailithe, a stórála agus a n-aisghabháltachta thar thréimhse ghearr ama roimh, le linn agus díreach i ndiaidh imbhualadh (mar shampla, trí ghníomhú mála aeir a mhúscailt) chun mionsonraí tionóiscí níos cruinne a fháil. Ní mór ceangal a bheith ar gach mótarfheithicil a bheith feistithe le taifeadáin den sórt sin, mar sin. Ba cheart go mbeadh taifeadáin den sórt sin in ann sonraí a thaifeadadh agus a stóráil ar bhealach nach bhféadfar iad a úsáid ach amháin chun go ndéanfaidh na Ballstáit iad a úsáid chun anailís a dhéanamh ar shábháilteacht bóithre agus chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht bearta sonracha a glacadh gan aon fhéidearthacht ann úinéir nó sealbhóir feithicle ar leith a shainaithint ar bhonn na sonraí atá stóráilte.

- (14) Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta, amhail faisnéis faoin tiománaí arna próiseáil i dtaifeadáin sonraí teagmhais nó faisnéis faoi leibhéal codlatachta agus aird an tiománaí nó faoi seachmaill an tiománaí, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Maidir le taifeadáin sonraí teagmhais, ba cheart dóibh oibriú ar chóras lúbiata ina dtaifeadtar arís anuas ar na sonraí atá stóráilte, agus nach bhfágann gur féidir an fheithicil nó an sealbhóir a shainaithint. Sa bhreis air sin, níor cheart go mbeadh rabhadh codlatachta agus aird an tiománaí nó ardchóras rabhaidh do sheachmall an tiománaí ag taifeadadh go leanúnach ná go gcoinneofaí ann aon sonraí seachas na sonraí sin atá riachtanach i ndáil leis na cuspóirí chuig ar bailíodh iad nó go mbeadh na sonraí sin á bpróiseáil ar shlí eile laistigh den chóras lúbiata. Thairis sin, tá próiseáil sonraí pearsanta arna mbailiú tríd an gcóras eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís 112 faoi réir coimircí sonracha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

² Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís 112 a chur in úsáid agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 77).

- (15) D'fhéadfadh sé nach mbeadh ardchórais coscánaithe éigeandála nó córais éigeandála le fanacht i lána ag feidhmiú go hiomlán i roinnt cásanna, go háirithe mar gheall ar easnaimh sa bhonneagar bóithre. Sna cásanna sin, ba cheart do na córais iad féin a dhíghníomhachtú agus faisnéis faoin díghníomhachtú sin a thabhairt don tiománaí. Mura ndíghníomhaíonn siad go huathoibríoch, ba cheart go mbeadh sé indéanta iad a chasadh as de lámh. Ba cheart an díghníomhachtú sin a bheith sealadach agus go mairfeadh sé don tréimhse ar lena linn nach bhfuil an córas ag feidhmiú go hiomlán agus don tréimhse sin amháin.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh ar thiománaithe freisin ardchórais coscánaithe éigeandála nó córais éigeandála le fanacht i lána a fhorstiúradh i gcás ina bhféadfadh riosca níos mó nó díobháil leanúint as feidhmiú an chórais. D'áiritheodh sé seo go mbeadh na feithiclí faoi smacht an tiománaí i gcónaí. Mar sin féin, leis na córais sin, d'fhéadfaí cásanna a aithint ina bhfuil an tiománaí éagumasaithe agus, dá bhrí sin, ina bhfuil gá le hidirghabháil ón gcóras chun timpiste níos measa ná mar a bheadh sé murach sin a chosc.
- (16) Le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009, bhí díolúine ag veaineanna, feithiclí spórt-áirgiúlachta (SUVanna) agus feithiclí ilfheidhmeacha (MPVanna) ó cheanglais sábháilteachta mar gheall ar shaintréithe a bhaineann le hairde suíocháin agus mais feithiclí. I bhfianaise an ráta méadaithe lena bhfuil feithiclí den sórt sin ag dul i bhfód ar an margadh (suas ó 3 % i 1996 go 14 % in 2016) agus na forbairtí teicneolaíocha i seiceálacha ar shábháilteacht leictreach i ndiaidh tuairteanna, tá na díolúintí sin as dáta agus gan údar. Ba cheart, dá bhrí sin, na díolúintí a bhaint agus an tsraith iomlán de cheanglais i ndáil le hardchórais feithicle a chur i bhfeidhm maidir leis na feithiclí sin.

- (17) Le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 baineadh amach simpliú suntasach ar reachtaíocht an Aontais trí 38 dTreoir a bhaint agus Rialacháin choibhéiseacha de chuid NA, atá éigeantach faoi Chinneadh 97/836/CE¹, a chur ina n-ionad. Chun simpliú breise a bhaint amach, ba cheart níos mó rialacha de chuid na Náisiún Aontaithe a bhfuil feidhm acu san Aontas ar bhonn éigeantach a chur in ionad rialacha de chuid an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún an obair atá ar siúl ar leibhéal na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt di, chun na ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú córais shábháilteachta feithicle dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a bhunú, gan mhoill agus i gcomhréir leis na caighdeáin is airde sábháilteachta bóthair atá ann.
- (18) Ba cheart rialacháin de chuid NA, agus na leasuithe orthu, ar vótáil an tAontas ina bhfabhar nó a chuireann an tAontas i bhfeidhm, i gcomhréir le Cinneadh 97/836/CE, a ionchorprú i reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadú. Dá réir sin, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún leasú a dhéanamh ar an liosta de na Rialacháin de chuid NA a bhfuil feidhm acu ar bhonn éigeantach chun a áirithiú go gcoimeádtar an liosta sin cothrom le dáta.

¹ Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontódh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantais fhrithpháirtigh i gcás formheasanna a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ("Comhaontú Leasaithe 1958") (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

- (19) Le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ leagtar amach ceanglais maidir le coisithe, rothaithe agus úsáideoirí soghonta bóthair eile a chosaint le tástálacha comhlíontachta agus teorainnluachanna maidir le cineálcheadú feithicilí a mhéid a bhaineann lena struchtúr tosaigh agus maidir le cineálcheadú córais cosanta tosaigh (mar shampla túsbarraí cosanta). Ó glacadh Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, rinneadh ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála d'fheithicilí a fhorbairt tuilleadh ar leibhéal na Náisiún Aontaithe chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh. Tá feidhm freisin ag Rialachán Uimh. 127 de chuid NA lena leagtar síos forálacha aonfhoirmeacha maidir le mótarfheithicilí a cheadú i ndáil le feidhmíocht shábháilteacht na gcoisithe ("Rialachán Uimh. 127 de chuid NA") san Aontas faoi láthair maidir le mótarfheithicilí a chineálcheadú.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le cineál-cheadú mótarfheithicilí i ndáil le cosaint coisithe agus úsáideoirí soghonta eile bóithre, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/102/CE agus Treoir 2005/66/CE (IO L 35, 4.2.2009, lch. 1).

- (20) Tar éis Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ a ghlacadh, rinneadh tuilleadh forbartha ar leibhéal na Náisiún Aontaithe ar na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála maidir le feithiclí faoi thiomáint hidrigine agus córais agus comhpháirteanna hidrigine a chineálcheadú, chun an dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh. Tá feidhm ag Rialachán Uimh. 134 de chuid NA maidir le forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le mótarfeithiclí agus a gcomhpháirteanna a cheadú i ndáil le feidhmíocht sábháilteachta feithiclí le hinnill hidrigine (HFCV)² ("Rialachán Uimh. 134 de chuid NA") san Aontas faoi láthair maidir le córais hidrigine i mótarfeithiclí a chineálcheadú. De bhreis ar na ceanglais sin, ba cheart critéir maidir le cáilíocht na n-ábhar agus na ngabhdán breosla a úsáidtear i gcóras feithiclí le hidrigin comhbhrúite a bhunú ar leibhéal an Aontais.
- (21) Ar mhaithe le soiléireacht, le réasúntacht agus le simpliú, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 a aisghairm, agus ba cheart an Rialachán seo a chur ina n-ionad.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le cineál-cheadú mótarfeithiclí faoi thiomáint hidrigine, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE (IO L 35, 4.2.2009, lch. 32).

² IO L 129, 17.5.2019, lch.43.

- (22) Go stairiúil, chuir rialacha an Aontais teorainn le fad foriomlán cónaisc trucaílí, as ar eascair an dearadh tipiciúil ina bhfuil cábán os cionn an innill, chun an spás lasta is mó a fháil. D'fhág suíomh ard an tiománaí, áfach, go raibh caochspota níos mó ann agus laghdú ar an infheictheacht dhíreach timpeall chábán na trucaile. Is toisc mhór é sin do thionóiscí trucaile a bhaineann le húsáideoirí soghonta bóthair. D'fhéadfaí líon na dtaismeach a laghdú go suntasach tríd an amharc díreach a fheabhsú. Ba cheart, mar sin, ceanglais a thabhairt isteach chun an t-amharc díreach a fheabhsú ionas go gcuirfí feabhas ar an infheictheacht dhíreach ar choisithe, ar rothaithe agus ar úsáideoirí soghonta bóthair eile ó shuíochán an tiománaí trí bhíthin na caochspotaí os comhair an tiománaí ar go cliathánach ón tiománaí a laghdú a mhéid is féidir. Ba cheart na sonraíochtaí do na catagóirí éagsúla feithiclí a chur san áireamh.
- (23) Tá sé d'acmhainn ag feithiclí uathoibrithe rannchuidiú go mór le líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú, ós rud é go bhfuil leibhéal áirithe d'earráid an duine ina chúis le níos mó ná 90 % de thimpistí bóthair. Ós rud é go mbeidh feithiclí uathoibrithe ag glacadh cúraimí an tiománaí chucu féin de réir a chéile, ba cheart rialacha agus ceanglais theicniúla chomhchuibhithe do chórais feithiclí uathoibrithe, lena n-áirítear i ndáil le dearbhú sábháilteachta infhíoraithe don chinnteoireacht maidir le feithiclí uathoibrithe, a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, agus fós urraim a léiriú do phrionsabal na neodrachta teicneolaíochta, agus ba cheart é sin a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta faoi chuimsiú Fhóram Domhanda de chuid CENAE um Rialacháin d'Fheithiclí (WP 29) a chomhchuibhiú.

- (24) Ba cheart úsáideoirí bóithre, amhail coisithe agus rothaithe mar aon le tiománaithe feithiclí neamh-uathoibrithe nach féidir leo faisnéis leictreonach feithicil le feithicil a fháil faoi iompar feithicle uathoibrithe, a choimeád ar an eolas faoin iompar sin trí mhodhanna traidisiúnta dá bhforáiltear i Rialacháin de chuid NA nó i ngníomhartha rialála eile a luaithe is féidir tar éis dóibh teacht i bhfeidhm.
- (25) Trí dhlúthghrúpáil feithiclí, tá an fhéidearthacht ann iompar atá níos sábháilte, níos glaine agus níos éifeachtaí a spreagadh amach anseo. Mar réamhaíocht don teicneolaíocht agus do na caighdeáin ábhartha i ndáil leis an dlúthghrúpáil a thabhairt isteach, beidh creat rialála le rialacha agus próisis chomhchuibhithe ag teastáil.
- (26) Mar gheall ar nascacht agus uathoibriú feithiclí tá méadú ag teacht ar an bhféidearthacht go ndéanfaí rochtain neamhúdaráithe cianda ar bhogearraí infheithicle agus go ndéanfaí modhnú aer-rochtana ar bhogearraí. Chun rioscaí den sórt sin a chur san áireamh, ba cheart Rialacháin de chuid NA agus gníomhartha rialála eile maidir leis an gcibearshlándáil a chur i bhfeidhm ar bhonn éigeantach a luaithe is féidir tar éis teacht i bhfeidhm dóibh.

- (27) Is féidir le modhnuithe bogearraí feidhmiúlachtaí feithiclí a athrú ar bhealach suntasach. Ba cheart rialacha comhchuibhithe agus ceanglais theicniúla le haghaidh modhnuithe bogearraí a bhunú atá ar aon dul leis na nósanna imeachta cineálcheadaithe. Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin de chuid NA nó gníomhartha rialála eile maidir le próisis uasdátaithe bogearraí a chur i bhfeidhm ar bhonn éigeantach a luaithe is féidir tar éis teacht i bhfeidhm dóibh. Níor cheart, áfach, go mbainfeadh na bearta slándála sin an bonn de na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí feithiclí rochtain a thabhairt ar fhaisnéis chuimsitheach dhiagnóiseach agus ar shonraí infheithicle atá ábhartha chun feithicil a dheisiú agus a chothabháil.
- (28) Ba cheart don Aontas leanúint den fhorbairt ar riachtanais teicniúla a chur chun cinn maidir le torann, le friotaíocht rollach agus le feidhmiú fliuchghreama na mbonn ar leibhéal na Náisiún Aontaithe. Moltar an méid seo mar cuimsíonn Rialachán Uimh. 117 chuid NA maidir le forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le boinn a cheadú i dtaca le hastaíochtaí fuaime ó rolladh bonn agus/nó greamaitheacht ar dhromchlaí fliucha agus/nó friotaíocht rollach¹ ("Rialachán Uimh. 117 de chuid NA") na forálacha mionsonraithe seo anois. Ba cheart go leanfaí, go mear agus go huailmhianach, ar leibhéal na Náisiún Aontaithe den phróiseas chun na ceanglais i ndáil le boinn a oiriúnú, chun gach dul chun cinn teicniúil a áireamh, go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú bonn ag deireadh a saolré agus riocht chaite orthu chun an tuiscint a chur chun cinn gur cheart na ceanglais sin a bhaint amach ó thús go deireadh a saolré ionas nach mbeidh gá lena n-athrú roimh am. Ba cheart anois Rialacháin choibhéiseacha de chuid NA a chur in ionad na gceanglas atá ann cheana i Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 a bhaineann le feidhmiú bonn.

¹ IO L 218, 12.8.2016, lch. 1.

- (29) Chun éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i ndáil le ceanglais chineálcheadaithe i dtaca le hardchórais feithicle agus chun an Rialachán seo a leasú i leith Iarscríbhinn II a ghabhann leis chun an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus forbairtí rialála a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (30) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

² Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí chur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(31) I bhfianaise ailíniú reachtaíocht an Aontais, ina dtagraítear do nós imeachta rialála lena ngabhann grinnscrúdú, leis an gcreat dlí a tugadh isteach le CFAE agus d'fhonn reachtaíocht an Aontais a shimpliú tuilleadh sa réimse a bhaineann le sábháilteacht feithiclí, ba cheart na Rialacháin seo a leanas a aisghairm agus gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Rialachán seo a chur ina n-ionad:

- Rialachán (CE) Uimh. 631/2009 ón gCoimisiún¹,
- Rialachán (AE) Uimh. 406/2010 ón gCoimisiún²,
- Rialachán (AE) Uimh. 672/2010 ón gCoimisiún³,
- Rialachán (AE) Uimh. 1003/2010 ón gCoimisiún⁴,

¹ Rialachán (CE) Uimh. 631/2009 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí i ndáil le cosaint coisithe agus úsáideoirí soghonta eile bóithre, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/102/CE agus Treoir 2005/66/CE (IO L 195, 25.7.2009, lch. 1).

² Rialachán (AE) Uimh. 406/2010 ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2010 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí faoi thiomáint hidrigine (IO L 122, 18.5.2010, lch. 1).

³ Rialachán (AE) Uimh. 672/2010 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe le haghaidh córais díreoite agus dínéalaithe gaothscátha do mhótarfheithiclí áirithe agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 196, 28.7.2010, lch. 5).

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1003/2010 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe don spás le haghaidh gléasadh agus feistiú plátaí clárúcháin cúil ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 291, 9.11.2010, lch. 22).

- Rialachán (AE) Uimh. 1005/2010 ón gCoimisiún¹,
- Rialachán (AE) Uimh. 1008/2010 ón gCoimisiún²,
- Rialachán (AE) Uimh. 1009/2010 ón gCoimisiún³,
- Rialachán (AE) Uimh. 19/2011 ón gCoimisiún⁴,

-
- ¹ Rialachán (AE) Uimh. 1005/2010 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe d'fheistí tarraingthe mótarfheithiclí agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ghinearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 291, 9.11.2010, lch. 36).
- ² Rialachán (AE) Uimh. 1008/2010 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do chórais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha do mhótarfheithiclí áirithe agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ghinearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 292, 10.11.2010, lch. 2).
- ³ Rialachán (AE) Uimh. 1009/2010 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2010 maidir le ceanglais chineál-cheadaithe do rothghardaí mótarfheithiclí áirithe agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chineál-cheadaithe i dtaca le sábháilteachta ghinearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha dóibh (IO L 292, 10.11.2010, lch. 21).
- ⁴ Rialachán (AE) Uimh. 19/2011 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2011 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do phláta reachtach an mhonaróra agus d'uimhir aitheantais feithicle do mhótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ghinearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 8, 12.1.2011, lch. 1).

- Rialachán (AE) Uimh. 109/2011 ón gCoimisiún¹,
- Rialachán (AE) Uimh. 458/2011 ón gCoimisiún²,
- Rialachán (AE) Uimh. 65/2012 ón gCoimisiún³,
- Rialachán (AE) Uimh. 130/2012 ón gCoimisiún⁴,

¹ Rialachán (AE) Uimh. 109/2011 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chineálcheadaithe do chatagóirí áirithe mótarfheithiclí agus a leantóirí maidir le córais coiscithe sprae (IO L 34, 9.2.2011, lch. 2).

² Rialachán (AE) Uimh. 458/2011 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2011 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí i dtaca le suiteáil a gcuid bonn agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 124, 13.5.2011, lch. 11).

³ Rialachán (AE) Uimh. 65/2012 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táscairí gearrthraithe agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 28, 31.1.2012, lch. 24).

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 130/2012 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2012 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí i dtaca le rochtain ar fheithiclí agus so-ionramháilteacht feithiclí agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 43, 16.2.2012, lch. 6).

- Rialachán (AE) Uimh. 347/2012 ón gCoimisiún¹,
- Rialachán (AE) Uimh. 351/2012 ón gCoimisiún²,
- Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún³,
- Rialachán (AE) 2015/166 ón gCoimisiún⁴.

-
- ¹ Rialachán (AE) Uimh. 347/2012 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe do chatagóirí áirithe mótarfheithiclí i dtaca le hardchórais coscánaithe éigeandála (IO L 109, 21.4.2012, lch. 1).
- ² Rialachán (AE) Uimh. 351/2012 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chineálcheadaithe le haghaidh córais rabhaidh imeachta ó lána a shuiteáil i mótarfheithiclí (IO L 110, 24.4.2012, lch. 18).
- ³ Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais chineálcheadaithe do mhaiseanna agus toisí mótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 353, 21.12.2012, lch. 31).
- ⁴ Rialachán (AE) 2015/166 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2015 lena ndéantar forlíonadh agus leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuimsiú na nósanna imeachta sonracha, na modhanna measúnúcháin agus na riachtanas teicniúil freisin, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 1003/2010 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) Uimh. 109/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 458/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 4.2.2015, lch. 3).

- (32) Toisc go bhfuil cineálceaduithe AE arna ndeonú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 nó Rialachán (CE) Uimh. 661/2009, chomh maith leis na bearta cur chun feidhme a ghabhann leo, le meas mar chinn atá coibhéiseach leis na cinn arna ndeonú i gcomhréir leis an Rialachán seo, ach amháin má athraítear na ceanglais ábhartha leis an Rialachán seo nó go dtí go modhnaítear iad leis na gníomhartha tarmligthe nó leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, tá gá le forálacha idirthréimhseacha chun a áirithiú nach ndéanfar ceaduithe den sórt sin a neamhbhailíochtú.
- (33) Maidir leis na dátaí chun cineálceadú AE a dhiúltú, chun clárú feithiclí a dhiúltú, chun cur ar an margadh nó teacht i seirbhís na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh a thoirmeasc, ba cheart iad a leagan síos le haghaidh gach comhpháirt rialálaithe.
- (34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon dea-fheidhmiú an mhargadh inmheánaigh a áirithiú trí cheanglais theicniúla chomhchuibhithe a thabhairt isteach i dtaca le sábháilteacht agus feidhmíocht chomhshaoil mótarfeithiclí agus a leantóirí, agus na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge agus a n-éifeachtaí, is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. De réir phrionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- (35) Ba cheart ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála leormhaithe, chomh maith le forálacha i dtaca le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla, le haghaidh cineálcheadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh a leagan síos i ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme luath go leor roimh an dáta a thiocfaidh siad i bhfeidhm chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí oiriúnú do cheanglais an Rialacháin seo agus na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlactar dá bhun. Déantar feithiclí áirithe a tháirgeadh i méideanna beaga. Dá bhrí sin, is iomchuí i dtaca leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus sna ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacfar dá bhun, go gcuirfear san áireamh iontu na feithiclí nó na haicmí feithiclí sin, i gcás ina bhfuil na ceanglais sin ar neamhréir le húsáid nó le dearadh na bhfeithiclí sin, nó i gcás ina mbeadh an t-ualach breise a d'fhorchuirfí leis na ceanglais sin díréireach. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear ceanglais i dtaca leis an méid seo a leanas:

- (a) cineálcheadú feithiclí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh a dheartar nó a mhonaraítear le haghaidh feithiclí, i dtaca lena sonraíochtaí ginearálta sábháilteachta agus le cosaint agus sábháilteacht daoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair;
- (b) cineálcheadú feithiclí maidir le córais faireacháin bhrú na mbonn agus i ndáil lena sábháilteacht, lena n-éifeachtúlacht bhreosla agus lena n-astaíochtaí CO₂; agus
- (c) cineálcheadú bonn nua-mhonaraithe i ndáil lena sábháilteacht agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil.

Airteagal 2
Raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le catagóirí M, N, agus O, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/858, agus le córais, comhpháirteanna agus le haonaid theicniúla ar leithligh a dheartar nó a mhonaraítear d'fheithiclí den sórt sin.

Airteagal 3
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/858.

Sa bhreis air sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'úsáideoir soghonta bóthair' úsáideoirí bóthair gan inneall, lena n-áirítear, go háirithe, rothaithe agus coisithe, mar aon le húsáideoirí dé-rothaigh chumhachtaithe;
- (2) ciallaíonn 'córas faireacháin bhrú na mbonn' córas atá feistithe ar fheithicil agus atá in ann brú na mbonn nó athrú ar bhrú le himeacht ama a mheas agus atá in ann faisnéis chomhfhreagrach a tharchur chuig an úsáideoir nuair atá an fheithicil ag rith;

- (3) ciallaíonn 'cúnamh cliste luais' córas chun cabhrú leis an tiománaí an luas iomchuí don timpeallacht bóthair a choinneáil trí aiseolas tiomanta agus iomchuí a sholáthar;
- (4) ciallaíonn 'éascú suiteáil chomhghlasála a thomhaiseann alcól' comhéadan caighdeánach a éascaíonn feistiú iarmhargaidh a dhéanamh ar ghairis chomhghlasála a thomhaiseann alcól i mótarfheithiclí;
- (5) ciallaíonn 'rabhadh codlatachta agus aire an tiománaí' córas trína ndéantar measúnú ar mhúscailteacht an tiománaí trí bhíthin chóras anailíse san fheithicil agus a thugann rabhadh don tiománaí, más gá;
- (6) ciallaíonn 'ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí' córas lena gcuidítear leis an tiománaí leanúint d'aird a choinneáil ar na coinníollacha tráchta agus a thugann rabhadh don tiománaí nuair a théann sé nó sí chun seachmaill;
- (7) ciallaíonn 'comhartha stop éigeandála' feidhm solas-chomharthaíochta lena dtugtar le fios d'úsáideoirí bóthair eile laistiar d'fheithicil go bhfuil ardfhórsa moillithe á chur i bhfeidhm ar an bhfeithicil sin i ngeall ar na coinníollacha reatha bóthair;
- (8) ciallaíonn 'brath cúlaithe' córas lena gcuirtear in iúl don tiománaí go bhfuil daoine agus rudaí laistiar den fheithicil agus é mar phríomhaidhm leis imbhuailtí a sheachaint nuair atá sé ag cúlú;
- (9) ciallaíonn 'córas rabhaidh imeachta ó lána' córas lena dtugtar rabhadh don tiománaí go bhfuil an fheithicil ag gluaiseacht óna lána taistil;

- (10) ciallaíonn 'ardchóras coscánaithe éigeandála' córas lenar féidir imbhuiladh féideartha a bhrath go huathoibríoch agus lenar féidir córas coscánaithe na feithicle a ghníomhachtú chun luas na feithicle a laghdú d'fhonn imbhuiladh a sheachaint nó a mhaolú;
- (11) ciallaíonn 'córas éigeandála le fanacht i lána' córas a chuidíonn leis an tiománaí an fheithicil a choinneáil in ionad sábháilte i dtaca leis an lána nó le colbha an bhóthair, ar a laghad nuair a fhágtar lána nó go bhfuiltear ar tí lána a fhágáil agus go bhféadfadh imbhuiladh tarlú;
- (12) ciallaíonn 'máistirlasc rialaithe na feithicle' an gaireas trínar féidir an córas leictreonach atá ar bord na feithicle a athrú óna bheith múchta, mar a bheadh i gcás ina bhfuil an fheithicil páirceáilte gan an tiománaí istigh inti, chuig a ghnáthmhodh oibríochta;
- (13) ciallaíonn 'taifeadán sonraí teagmhais' córas arb é an t-aon chuspóir atá leis ná taifeadadh agus stóráil a dhéanamh ar na paraiméadair chriticiúla agus an fhaisnéis chriticiúil a bhaineann le tuairt go gairid roimh, le linn agus i ndiaidh imbhuaile;
- (14) ciallaíonn 'córas cosanta tosaigh' struchtúr leithleach nó struchtúir leithleacha, amhail túsbarra cosanta, nó tuairteoir forlíontach, atá beartaithe, de bhreis ar an mbuntrealamh tuairteora, chun dromchla seachtrach na feithicle a chosaint ó dhamáiste i gcás imbhuaile le réad, seachas struchtúir a bhfuil mais is lú na 0,5 kg acu, nach bhfuil beartaithe ach chun soilse na feithicle a chosaint;

- (15) ciallaíonn 'tuairteoir' aon struchtúir tosaigh, íochtair, sheachtracha d'fheithicil, lena n-áirítear feistithe a ghabhann leo, ar struchtúir iad atá beartaithe chun feithicil a chosaint nuair a bhaineann imbhualladh tosaigh íseal-luais le feithicil eile di; ní áirítear leis sin, áfach, aon chóras cosanta tosaigh;
- (16) ciallaíonn 'feithicil faoi thiomáint hidrigine' mótarfheithicil ar bith a bhaineann úsáid as hidrigin mar bhreosla chun an fheithicil a thiomáint;
- (17) ciallaíonn 'córas hidrigine' cóimeáil de chomhpháirteanna hidrigine agus de pháirteanna cónascacha a fheistítear ar fheithicil faoi thiomáint hidrigine, seachas an córas tiomána faoi thiomáint hidrigine nó an t-aonad cumhachta cúnta;
- (18) ciallaíonn 'córas tiomána faoi thiomáint hidrigine' an tiontaire fuinnimh a úsáidtear chun an fheithicil a thiomáint;
- (19) ciallaíonn 'comhpháirt hidrigine' coimeádán hidrigine agus na páirteanna eile go léir d'fheithiclí faoi thiomáint hidrigine a bhíonn i dteagmháil dhíreach le hidrigin nó ar cuid de chóras hidrigine iad;
- (20) ciallaíonn 'coimeádán hidrigine' an chomhpháirt laistigh den chóras hidrigine ina stóráiltear toirt phríomha an bhreosla hidrigine;
- (21) ciallaíonn “feithicil uathoibrithe” mótarfheithicil atá deartha agus tógtha chun gluaiseacht go neamhspleách ar feadh tréimhsí áirithe ama gan maoirseacht leanúnach an tiománaí, ach a bhfuiltear ag súil i gcónaí le hidirghabháil ón tiománaí i dtaca léi;

- (22) ciallaíonn 'feithicil lán-uathoibrithe' mótarfeithicil atá deartha agus monaraithe chun gluaiseacht go neamhspleách gan aon mhaoirseacht ó tiománaí;
- (23) ciallaíonn 'córas faireacháin ar infhaighteacht an tiománaí' córas chun measúnú a dhéanamh an bhfuil an tiománaí in ann smacht a aisghabháil ar fheidhm tiomána feithicle nuair is feithicil uathoibrithe í i gcásanna sonracha, i gcás inarb iomchuí;
- (24) ciallaíonn 'dlúthghrúpáil feithiclí' dhá fheithicil, nó níos mó, a nascadh agus iad á dtiomáint faoi chonbhua trí bhíthin teicneolaíocht nascachta agus córais tacaíochta don tiomáint a ligeann do na feithiclí achar gar sonracha a choimeád eatarthu agus iad nasctha le chéile i rith codanna áirithe de thuras agus gur féidir leo freisin oiriúnú d'athruithe i ngluaiseacht na feithicle tosaigh gan aon ghníomh nó gan mórán gnímh ar pháirt na dtiománaithe;
- (25) ciallaíonn 'uasmhais' an uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil arna sonrú ag an monaróir;
- (26) ciallaíonn 'A-cholún' an taca dín is mó chun tosaigh agus is forimeallaí ag síneadh ón bhfonnadh go díon na feithicle.

CAIBIDIL II

Oibleagáidí na monaróirí

Airteagal 4

Oibleagáidí ginearálta agus ceanglais theicniúla

1. Taispeánfaidh monaróirí go bhfuil gach feithicil nua a chuirtear ar an margadh, atá cláraithe nó atá curtha i seirbhís, agus gach córas, comhpháirt agus aonad teicniúil ar leithligh nua a chuirtear ar an margadh, atá cláraithe nó atá curtha i seirbhís, cineálcheadaithe i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlactar dá bhun.
2. Measfar gur cineálcheadú AE i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlactar dá bhun é cineálcheadú i gcomhréir leis na Rialacháin de chuid NA atá liostaithe in Iarscríbhinn I.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 chun Iarscríbhinn I a leasú d'fhonn dul chun cinn teicniúil agus forbairtí rialála a chur san áireamh trí bhíthin tagairtí a dhéanamh do na Rialacháin de chuid NA, agus don tsraith leasuithe ábhartha, a mbeidh feidhm acu ar bhonn éigeantach, agus tagairtí den sórt sin a nuashonrú.

4. Áiritheoidh monaróirí go ndéanfar feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil ar shlí a íoslaghdóidh an baol díobhála do dhaoine atá i bhfeithiclí agus d'úsáideoirí soghonta bóthair.
5. Áiritheoidh monaróirí freisin go gcomhlíonfaidh feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh na ceanglais is infheidhme arna liostú in Iarscríbhinn II, le héifeacht ó na dátaí a shonraítear san Iarscríbhinn sin agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus na nósanna imeachta tástála arna leagan síos sna gníomhartha tarmligthe agus freisin na nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos sna gníomhartha cur chun feidhme a ghlactar de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- (a) córais srianta, tástáil tuairteanna, sláine an chórais breosla agus sábháilteacht leictreach ardvoltais;
 - (b) úsáideoirí soghonta bóthair, radharc agus infheictheacht;
 - (c) fonnadh feithicle, coscánú, boinn agus stiúradh;
 - (d) ionstraimí ar bord, córas leictreach, soilsiú feithicle agus cosaint ar úsáid neamhúdaraíthe lena n-áirítear cibear-ionsaithe;
 - (e) iompar an tiománaí agus an chórais; agus
 - (f) monaraíocht agus gnéithe ginearálta feithiclí.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 chun Iarscríbhinn II a leasú d'fhonn dul chun cinn teicniúil agus forbairtí rialála a chur san áireamh, go háirithe maidir leis na nithe a liostaítear i bpointí (a) go (f) de mhír 5 den Airteagal seo agus freisin maidir leis na nithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) d'Airteagal 6(1), Airteagal 7(2), (3), (4) agus (5), Airteagal 9(2), (3) agus (5) agus Airteagal 11(1), agus d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta ginearálta sna feithiclí, sna córais, sna comhpháirteanna agus sna haonaid theicniúla ar leithligh a áirithiú mar aon le hardleibhéal cosanta do na daoine atá sna feithiclí agus d'úsáideoirí soghonta bóthair, trí thagairtí do Rialacháin de chuid NA agus freisin do ghníomhartha tarmlichte agus gníomhartha cur chun feidhme a thabhairt isteach agus a nuashonrú.
7. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha a ghlacadh i dtaca le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú feithiclí, a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a liostaítear in Iarscríbhinn II.
- Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2). Déanfar iad a fhoilsiú ar a laghad 15 mhí roimh na dátaí infheidhme a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 5

Forálacha sonracha a bhaineann le córais faireacháin bhrú na mbonn agus leis na boinn féin

1. Déanfar feithiclí a fheistiú le córas cruinn faireacháin bhrú na mbonn a bheidh in ann, thar raidhse leathan coinníollacha bóthair agus comhshaoil, rabhadh infheithicle a thabhairt don tiománaí nuair a tharlaíonn cailleadh brú i gceann de na boinn,
2. Beidh córais faireacháin bhrú na mbonn deartha ar bhealach chun athshocrú nó athchalabhrú a sheachaint agus iad faoi bhrú íseal.
3. Déanfaidh gach bonn a chuirtear ar an margadh na ceanglais um shábháilteacht agus um fheidhmiú comhshaoil arna leagan amach sna gníomhartha rialála ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II a chomhlíonadh.
4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha a ghlacadh i dtaca le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla i ndáil leis an méid seo a leanas:
 - (a) cineálcheadú na bhfeithiclí a mhéid a bhaineann le córais faireacháin bhrú a mbonn;
 - (b) cineálcheadú na mbonn, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla a bhaineann lena suiteáil.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2). Déanfar iad a fhoilsiú ar a laghad 15 mhí roimh na dátaí infheidhme a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 6

Ardchórais feithicle le haghaidh gach catagóir mótarfeithicle

1. Beidh mótarfeithiclí feistithe leis na hardchórais feithicle seo a leanas:
 - (a) cúnamh cliste luais;
 - (b) éascú suiteáil chomhghlasála a thomhaiseann alcóil;
 - (c) rabhadh codlatachta agus aire tiománaí;
 - (d) ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí;
 - (e) comhartha stop éigeandála;
 - (f) brath cúlaithe; agus
 - (g) taifeadán sonraí teagmhais.
2. Comhlíonfaidh cúnamh cliste luais na híoscheanglais seo a leanas:
 - (a) beifear in ann an tiománaí a chur ar an eolas tríd an rialú luasghéaraithe, nó trí aiseolas tiomanta, iomchuí agus éifeachtach, go bhfuiltear imithe thar an luasteorainn is infheidhme;

- (b) beidh sé indéanta an córas a mhúchadh; féadfar faisnéis faoin teorainn luais a sholáthar fós, agus beidh cúnamh cliste luais i ngnáthmhodh oibríochta gach uair a dhéantar máistirlasc rialaithe na feithicle a ghníomhachtú;
- (c) beidh an t-aiseolas tiomanta agus iomchuí bunaithe ar fhaisnéis faoin luasteorainn a bhailítear trí chomharthaíocht bóithre, agus trí chomharthaí bonneagair nó ó shonraí mapála leictreonacha, nó an dá fhoinsé, agus a chuirtear ar fáil laistigh den fheithicil a bhrath;
- (d) ní dhéanfaidh sé difear don fhéidearthacht atá ag tiománaithe dul thar luas na feithicle mar a mholann an córas;
- (e) déanfar a chuid spriocanna feidhmíochta a shocrú ionas go seachnófar nó go n-íoslaghdófar an ráta earráide faoi fhíordhálaí tiomána.

3. Déanfar córais le haghaidh rabhadh codlatachta agus aire an tiománaí agus ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí a dhearadh ar shlí nach mbeidh na córais sin ag taifeadadh go leanúnach ná nach gcoinneofar iontu aon sonraí seachas na sonraí sin atá riachtanach i ndáil leis na cuspóirí chuig ar bailíodh iad nó go mbeadh na sonraí sin á bpróiseáil ar shlí eile laistigh den chóras lúbiata. Thairis sin, ní bheidh na sonraí sin inrochtana ná curtha ar fáil do thríú páirtithe ag aon am agus déanfar iad a scrios láithreach tar éis a bpróiseála. Déanfar na córais sin a dhearadh freisin chun forluí a sheachaint agus ní thabharfaidh siad nod don tiománaí ar leithligh agus i gcomhthráth le chéile nó ar shlí a bheadh ina cúis mearbhaill i gcás go ndéanfaidh gníomhaíocht amháin an dá chóras a ghníomhachtú.

4. Comhlíonfaidh taifeadáin sonraí teagmhais na ceanglais seo a leanas go háirithe:
- (a) i dtaca leis na sonraí atá siad in ann a thaifeadadh agus a stóráil maidir leis an tréimhse go gairid roimh, le linn agus díreach i ndiaidh imbhualte, go n-áireofar leo luas, coscánú agus suíomh na feithicle mar aon le claonadh na feithicle ar an mbóthar, staid agus ráta gníomhachtúcháin a córas slándála uile, córas eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís 112, gníomhachtú coscáin agus aon pharaiméadair ionchuir ábhartha eile maidir le córais sábháilteachta ghníomhacha agus córais seachanta tionóisce ar bord na feithicle, le hardleibhéal cruinnis agus marthanas áirithithe sonraí;
 - (b) ní féidir iad a dhíghníomhachtú;
 - (c) an bealach ina bhfuil siad in ann sonraí a thaifeadadh agus a stóráil, beidh siad sa riocht:
 - (i) go n-oibreoidh siad ar chóras lúbiata;
 - (ii) go mbeidh na sonraí a bhailíonn siad i ndíth ainm agus cosanta in aghaidh cúblála agus mí-úsáide; agus
 - (iii) leis na sonraí a bhailíonn siad, beifear in ann cineál, malartach agus leagan beacht na feithicle, agus go háirithe na córais ghníomhacha sábháilteachta agus seachanta tionóisce atá feistithe san fheithicil, a shainaithint; agus

(d) is féidir na sonraí atá siad in ann a thaifeadadh a chur ar fáil trí chomhéadan caighdeánaithe do na húdaráis náisiúnta, ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta, ach é sin chun na críche amháin go n-úsáidfear iad ar mhaithe le taighde agus anailís ar thimpistí, lena n-áirítear chun críocha chineálcheadú na gcóras agus na gcomhpháirteanna agus i gcomhlíonadh le Rialachán (AE) 2016/679.

5. Ní bheidh taifeadán sonraí teagmhais in ann na ceithre dhigit dheireanacha den tuairisceoir feithicle in uimhir aitheantais na feithicle a thaifeadadh agus a stóráil, ná aon fhaisnéis eile lena bhféadfaí an fheithicil aonair féin, nó úinéir nó sealbhóir na feithicle, a shainaithint.

6. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12 seo trí rialacha mionsonraithe a leagan síos lena bhforlíontar an Rialacháin maidir le próisis shonracha tástála agus ceanglais shonracha theicniúla i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) cineálcheadú feithiclí i ndáil leis na hardchórais feithicle a liostaítear i mír 1;

(b) cineálcheadú ardchóras feithicle a liostaítear i bpointí (a), (f) agus (g) de mhír 1 mar aonaid theicniúla ar leithligh.

Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a fhoilsiú ar a laghad 15 mhí roimh na dátaí infheidhme a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 7

Ceanglais shonracha maidir le gluaisteáin paisinéirí agus feithiclí éadroma tráchtála

1. De bhreis ar na ceanglais eile sa Rialachán seo agus ar na gníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun agus atá infheidhme maidir le feithiclí i gcatagóir M1 agus N1, comhlíonfaidh feithiclí sna catagóirí sin na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 go 5 agus na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6.
2. Déanfar feithiclí i gcatagóirí M1 agus N1 a fheistiú le hardchórais coscánaithe éigeandála arna ndearadh agus arna bhfeistiú in dhá chéim agus a fhorálann don mhéid seo a leanas:
 - (a) sa chéad chéim, bacainní agus feithiclí gluaisteacha atá roimh an mótarfheithicil a bhrath;
 - (b) sa dara céim, an cumas braite dá dtagraítear i bpointe (a) a leathnú chun go n-áireofar ann freisin coisithe agus rothaithe atá roimh an mótarfheithicil a bhrath.
3. Beidh feithiclí i gcatagóirí M1 agus N1 feistithe freisin le córas éigeandála le fanacht i lána.

4. Comhlíonfaidh ardchórais coscánaithe éigeandála agus córais éigeandála le fanacht i lána na gceanglas seo a leanas go háirithe:
- (a) ní fhéadfar ach córas amháin den sórt sin a chasadh as ag an am trí shraith gníomhartha atá le déanamh ag an tiománaí;
 - (b) beidh na córais i ngnáthmhodh oibríochta gach uair a dhéanfar máistirlasc rialaithe na feithicle a ghníomhachtú;
 - (c) féadfar closrabhaidh a mhúchadh go héasca, ach ní dhéanfaidh gníomhaíocht den sórt sin feidhmeanna eile den chóras seachas closrabhaidh a mhúchadh ag an am céanna;
 - (d) beidh sé indéanta ag an tiománaí na córais sin a fhorstiúradh.
5. Déanfar feithiclí sna catagóirí M1 agus N1 a dhearadh agus a thógáil ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh iontu zón cosanta tuairte cloiginn méadaithe agus é mar aidhm leis sin úsáideoirí soghonta bóthair a chosaint níos fearr agus a gcuid gortuithe féideartha i gcás inbhualte a laghdú.
6. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha a ghlacadh i dtaca le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú feithiclí a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.
- Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2). Déanfar iad a fhoilsiú ar a laghad 15 mhí roimh na dátaí infheidhme a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 8

Córais cosanta tosaigh do ghluaisteáin paisinéirí agus feithiclí éadroma tráchtála

1. Córais cosanta tosaigh, bídis feistithe mar bhuntrealamh ar fheithiclí sna catagóirí M1 agus N1 nó curtha ar fáil ar an margadh mar aonaid theicniúla ar leithligh d'fheithiclí sna catagóirí sin, comhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar síos i mír 2 agus na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3.
2. Beidh liosta mionsonraithe de chineálacha, malartacha agus leaganacha na bhfeithiclí a bhfuil an córas cosanta tosaigh cineálcheadaithe ina leith, mar aon le teoracha soiléire cóimeála, ag gabháil le córais cosanta tosaigh a chuirtear ar fáil ar an margadh mar aonaid theicniúla ar leithligh.
3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha a ghlacadh i dtaca le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh chineálcheadú na gcórais cosanta tosaigh, lena n-áirítear na sonraíochtaí theicniúla maidir lena dtógáil agus a suiteáil.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2). Déanfar iad a fhoilsiú ar a laghad 15 mhí roimh na dátaí infheidhme a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 9

Ceanglais shonracha maidir le busanna agus truailí

1. De bhreis ar na ceanglais eile sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmlichte agus gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun agus atá infheidhme maidir le feithiclí i gcatagóirí M2, M3, N2 agus N3 freisin, comhlíonfaidh feithiclí sna catagóirí sin na ceanglais a leagtar síos i mír 2 go mír 5 agus na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7. Comhlíonfaidh feithiclí sna catagóirí M2 agus M3 freisin an ceanglas a leagtar síos i mír 6.
2. Déanfar feithiclí sna catagóirí M2, M3, N2 agus N3 a fheistiú le córas rabhaidh imeachta ó lána agus le hardchóras coscánaithe éigeandála, agus comhlíonfaidh na córais sin na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7.
3. Déanfar feithiclí sna catagóirí M2, M3, N2 agus N3 a fheistiú le hardchórais atá in ann coisithe agus rothaithe atá an-ghar do thosach agus do neastaobh na feithicle a bhrath agus rabhadh a thabhairt nó imbhuailt le húsáideoirí soghonta bóthair den sórt sin a sheachaint.
4. Maidir le córais dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, comhlíonfaidh siad na híosccheanglais seo a leanas go háirithe:
 - (a) ní fhéadfar ach córas amháin den sórt sin a mhúchadh ag an am trí shraith gníomhartha atá le déanamh ag an tiománaí;

- (b) beidh na córais i ngnáthmhodh oibríochta gach uair a dhéanfar máistirlasc rialaithe na feithicle a ghníomhachtú;
 - (c) féadfar closrabhaidh a mhúchadh go héasca, ach ní dhéanfaidh gníomhaíocht den sórt sin feidhmeanna eile den chóras seachas closrabhaidh a mhúchadh ag an am céanna;
 - (d) beidh sé indéanta ag an tiománaí na córais sin a fhorstiúradh;
5. Déanfar feithiclí sna catagóirí M2, M3, N2 agus N3 a dhearadh agus a thógáil chun feabhas a chur ar infheictheacht dhíreach úsáideoirí soghonta bóthair ó shuíochán an tiománaí, tríd na caochspotaí chun tosaigh agus ar chliathán an tiománaí a laghdú a mhéid is féidir, agus aird á tabhairt ar shonraíochtaí na gcatagóirí éagsúla feithiclí.
6. Feithiclí i gcatagóirí M2 agus M3 ag a bhfuil toilleadh do níos mó ná 22 phaisinéir de bhreis ar an tiománaí agus ina bhfuil áiteanna seasaimh do phaisinéirí chun gur féidir le gluaiseacht mhinic paisinéirí a bheith ann, déanfar iad a dhearadh agus a thógáil ar shlí ina mbeidh siad inrochtana do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, lena n-áirítear úsáideoirí cathaoireacha rothaí.
7. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha a ghlacadh i dtaca le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla i ndáil leis an méid seo a leanas:
- (a) cineálcheadú feithiclí a mhéid a bhaineann leis na ceanglais a leagtar síos i mír 2 go mír 5 den Airteagal seo;
 - (b) cineálcheadú na gcóras dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo mar aonaid theicniúla ar leithligh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

Más rud é go mbaineann na gníomhartha cur chun feidhme sin leis na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo, déanfar iad a fhoilsiú ar a laghad 15 mhí roimh na dátaí infheidhme a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Más rud é go mbaineann na gníomhartha cur chun feidhme sin leis na ceanglais a leagtar síos i mír 5 den Airteagal seo, déanfar iad a fhoilsiú ar a laghad 36 mhí roimh na dátaí infheidhme a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 10

Ceanglais shonracha a bhaineann le feithiclí faoi thiomáint hidrigine

1. De bhreis ar na ceanglais eile sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun agus atá infheidhme maidir le feithiclí i gcatagóir M agus N, déanfaidh feithiclí faoi thiomáint hidrigine sna catagóirí sin, a gcórais hidrigine agus comhpháirteanna na gcóras sin, na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3 a chomhlíonadh.
2. Áiritheoidh na monaróirí go ndéanfar na córas hidrigine agus na comhpháirteanna hidrigine a shuiteáil i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3. Déanfaidh na monaróirí freisin, más gá, faisnéis a chur ar fáil chun críoch iniúchadh a dhéanamh ar na córais agus na comhpháirteanna hidrigine i gcaitheamh shaolré seirbhíse feithiclí faoi thiomáint hidrigine.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme forálacha a ghlacadh i dtaca le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú feithiclí faoi thiomáint hidrigine i ndáil lena gcórais hidrigine, lena n-áirítear na cinn sin i dtaca le comhoiriúnacht ábhair agus gabhdáin bhreoslaithe, agus le haghaidh cineálcheadú comhpháirteanna hidrigine, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla maidir lena suiteáil.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2). Déanfar iad a fhoilsiú ar a laghad 15 mhí roimh na dátaí infheidhme a shonraítear in Iarscríbhinn II.

Airteagal 11

Ceanglais shonracha maidir le feithiclí uathoibrithe agus feithiclí lán-uathoibrithe

1. De bhreis ar na ceanglais eile sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun agus atá infheidhme maidir le feithiclí sna catagóirí faoi seach, comhlíonfaidh feithiclí uathoibrithe agus feithiclí lán-uathoibrithe na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- (a) córais atá ag teacht in ionad smacht an tiománaí ar an bhfeithicil, lena n-áirítear comharthaíocht, stiúradh, luasghéarú agus coscánú;
 - (b) córais chun faisnéis fíor-ama a chur ar fáil don fheithicil maidir le staid na feithicle agus an ceantar máguaird;

- (c) córais chun faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht an tiománaí;
- (d) taifeadáin sonraí teagmhais d'fheithiclí uathoibrithe;
- (e) formáid chomhchuibhithe don mhalartú sonraí mar shampla maidir le dlúthghrúpáil feithiclí ilbhanda;
- (f) córais chun faisnéis faoi shábháilteacht a chur ar fáil d'úsáideoirí bóthair eile.

Maidir leis na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann leis na córais chun faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht an tiománaí, dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír, áfach, ní bheidh feidhm acu sin maidir le feithiclí lán-uathoibrithe.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha a ghlacadh maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí aonfhoirmeacha do na córais agus do na hítimí eile a liostaítear i bpointí (a) go (f) de mhír 1 den Airteagal seo, agus le haghaidh cineálcheadú feithiclí uathoibrithe agus feithiclí lán-uathoibrithe a mhéid a bhaineann leis na córais agus na hítimí eile sin chun a áirithiú go ndéanfar feithiclí uathoibrithe agus feithiclí lán-uathoibrithe a oibriú go sábháilte ar bhóithre poiblí.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

Caibidil III

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 12

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus (6) agus in Airteagal 6(6) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus (6) agus in Airteagal 6(6) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(3) agus (6) agus in Airteagal 6(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 13

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh An Coiste Teicniúil — Mótarfheithiclí (TCMV) cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 14

Athbhreithniú agus tuairisciú

1. Faoin ... [cúig bliana tar éis dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na gnóthachain i mbearta agus córais sábháilteachta, lena n-áirítear a gcuid rátaí treá agus a n-áisiúlacht don úsáideoir. Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú lena fhíorú an bhfuil na bearta agus na córais sábháilteachta sin ag feidhmiú de réir mar a bheartaítear leis an Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí, beidh moltaí ag gabháil leis an tuarascáil sin, lena n-áirítear togra reachtach chun leasú a dhéanamh ar na ceanglais a mhéid a bhaineann le sábháilteacht ghinearálta agus cosaint agus sábháilteacht do na daoine atá sna feithiclí agus d'úsáideoirí soghonta bóthair, chun timpistí agus gortuithe san iompar de bhóthar a laghdú tuilleadh nó a dhíothú.

Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar a iontaofa agus a éifeachtaí atá córais cliste nua um chúnamh luais agus ar bheachtas agus ráta earráide na gcóras sin faoi fhíordhálaí tiomána. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh.

2. Faoi 31 Eanáir gach bliain, don bhliain roimhe sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar ghníomhaíochtaí Fhóram Domhanda CENAE um Chomhchuibhiú Rialacháin d'Fheithiclí (WP.29) a mhéid a bhaineann leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gcaighdeán sábháilteachta feithiclí i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 agus a mhéid a bhaineann le seasamh an Aontais ar na hábhair sin.

Airteagal 15

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo neamhbhailíochtú ar aon chineálcheadú AE a dheonaítear i leith feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 nó Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 agus a mbearta cur chun feidhme faoin ... [an dáta díreach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], mura rud é go ndearnadh na ceanglais ábhartha maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh den sórt sin a mhodhnú nó go ndearnadh leis an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun ceanglais nua a leagan síos, de réir mar a shonraítear tuilleadh sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.
2. Leanfaidh na húdaráis formheasa d'fhaduithe ar chineálcheaduithe AE dá dtagraítear i mír 1 a dheonú.

3. De mhaolú ar an Rialachán seo, leanfaidh na Ballstáit orthu go dtí na dátaí a shonraítear in Iarscríbhinn IV de bheith ag ceadú clárú feithiclí, mar aon le díol nó cur i seirbhís comhpháirteanna, nach gcomhlíonann ceanglais Rialachán Uimh. 117 de chuid NA.

Airteagal 16

Dátaí cur chun feidhme

Maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh, déanfaidh na húdaráis náisiúnta an méid seo a leanas:

- (a) le héifeacht ón dáta a shonraítear in Iarscríbhinn II, agus maidir le ceanglas sonrach a liostaítear san Iarscríbhinn sin, diúltóidh na húdaráis cineálcheadú AE nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú, ar fhorais a bhaineann leis an gceanglas sin, maidir le haon chineál nua feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo agus na ngníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun;
- (b) le héifeacht ón dáta a shonraítear in Iarscríbhinn II, agus i dtaca le ceanglas sonrach a liostaítear san Iarscríbhinn sin, measfaidh na húdaráis, ar fhorais a bhaineann leis an gceanglas sin, nach mbeidh na deimhnithe chomhréireachta maidir le feithiclí nua bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858, agus cuirfidh siad toirmeasc ar chlárú na bhfeithiclí sin mura gcomhlíonann na feithiclí sin ceanglais an Rialacháin seo agus na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun;

- (c) le héifeacht ón dáta a shonraítear in Iarscríbhinn II, agus i dtaca le ceanglas sonracha a liostaítear san Iarscríbhinn sin, cuirfidh na húdaráis toirmeasc, ar fhorais a bhaineann leis an gceanglas sin, cur ar an margadh nó teacht i seirbhís na gcomhpháirteanna agus na naonad teicniúil ar leithligh, i gcás nach gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo agus na ngníomhartha tarmhligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun.

Airteagal 17

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2018/858

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 18

Aisghairm

1. Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166, aisghairtear iad le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
2. Déanfar tagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ...[30 mí tar éis dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm, áfach, ag Airteagal 4(3), (6) agus (7), Airteagal 5(4), Airteagal 6(6), Airteagal 7(6), Airteagal 8(3), Airteagal 9(7), Airteagal 10(3), Airteagal 11(2) agus Airteagail 12 agus 13 amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

Liosta de na Rialacháin de chuid NA dá dtagraítear in Airteagal 4(2)

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
1	Ceannlampaí a astaíonn léas tardhula neamhshiméadrach agus/nó léas tiomána a bhfuil lampaí filiméid R2 agus/nó HS1 ina dtrealamh acu	Sraith leasuithe 02	IO L 177, 10.7.2010, lch. 1	M, N ^(a)
3	Gairis ais-fhrithchaiteacha le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte agus a leantóirí	Sraith leasuithe 02	IO L 323, 6.12.2011, lch. 1	M, N, O
4	Soilsiú plátaí clárúcháin cúil ar fheithiclí cumhacht-thiomáinte agus a leantóirí	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 4, 7.1.2012, lch. 17	M, N, O
6	Treotháscairí le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte agus a leantóirí	Sraith leasuithe 01	IO L 213, 18.7.2014, lch. 1.	M, N, O
7	Lampaí tosaigh agus cúil (taobh), lampaí coscáin agus lampaí cúil imlíne le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte agus a leantóirí	Sraith leasuithe 02	IO L 285, 30.9.2014, lch. 1	M, N, O

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
8	Ceannlampaí mótarfheithiclí (H1, H2, H3, HB3, HB4, H7, H8, H9, HIR1, HIR2 agus/nó H11)	Sraith leasuithe 05 Ceartúchán 1 ar Athbhreithniú 4	IO L 177, 10.7.2010, lch. 71	M, N ^(a)
10	Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach	Sraith leasuithe 05	IO L 41, 17.2.2017, lch. 1	M, N, O
11	Laistí dorais agus comhpháirteanna coinneála dorais	Sraith leasuithe 04	IO L 218, 21.8.2019, lch. 1	M ₁ , N ₁
12	Cosaint an tiománaí in aghaidh na meicníochta stiúrtha i gcás tuairte	Sraith leasuithe 04	IO L 89, 27.3.2013, lch. 1	M ₁ , N ₁
13	Coscánú feithiclí agus leantóirí	Sraith leasuithe 11	IO L 42, 18.2.2016, lch. 1	M ₂ , M ₃ , N, O ^(b)
13-H	Coscánú gluaisteán paisinéirí	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 335, 22.12.2015, lch. 1	M ₁ , N ₁
14	Ancaireachtaí criosanna sábhála	Sraith leasuithe 07	IO L 218, 19.8.2015, lch. 27	M, N
16	Criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta linbh agus córais srianta linbh ISOFIX	Sraith leasuithe 07	IO L 109, 27.4.2018, lch. 1	M, N
17	Suíocháin, a n-ancaireachtaí agus aon cheannbhaic	Sraith leasuithe 08	IO L 230, 31.8.2010, lch. 81	M, N

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
18	Cosaint mótarfheithiclí in aghaidh úsáid neamhúdaráithe	Sraith leasuithe 03	IO L 120, 13.5.2010, lch. 29	M ₂ , M ₃ , N ₂ , N ₃
19	Lampaí ceo tosaigh ar fheithiclí cumhacht-thiomáinte	Sraith leasuithe 04	IO L 250, 22.8.2014, lch. 1	M, N
20	Ceannlampaí a astaíonn léas scoite neamhshiméadrach nó léas tiomána nó an dá rud agus atá feistithe le lampaí filiméid halaigine (lampaí H4)	Sraith leasuithe 03	IO L 177, 10.7.2010, lch. 170	M, N ^(a)
21	Feistis inmheánacha	Sraith leasuithe 01	IO L 188, 16.7.2008, lch. 32	M ₁
23	Lampaí cúlaithe nó ainlithe le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte agus a leantóirí	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 237, 8.8.2014, lch. 1	M, N, O
25	Ceannbhaic (tacaí cinn), bídís ionchorpraithe i suíocháin na feithicle nó ná bíodh	Sraith leasuithe 04 Ceartúchán 2 ar Athbhreithniú 1	IO L 215, 14.8.2010, lch. 1	M ₁
26	Starráin sheachtracha	Sraith leasuithe 03	IO L 215, 14.8.2010, lch. 27	M ₁
28	Gairis rabhaidh inchloiste agus comharthaí inchloiste	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 323, 6.12.2011, lch. 33	M, N

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
29	Cosaint do dhaoine atá i gcábán feithicle tráchtála	Sraith leasuithe 03	IO L 304, 20.11.2010, lch. 21	N
30	Aerbhoinn le haghaidh mótarfeithiclí agus a leantóirí (Aicme C1)	Sraith leasuithe 02	IO L 307, 23.11.2011, lch. 1	M, N, O
31	Ceannlampaí léis-séalaithe ar fheithicil chumhacht-thiomáinte a astaíonn léas scoite neamhshiméadrach Eorpach nó léas tiomána nó an dá rud	Sraith leasuithe 02	IO L 185, 17.7.2010, lch. 15	M, N
34	Rioscaí dóiteáin a chosc (umair breosla leachtaigh)	Sraith leasuithe 03	IO L 231, 26.8.2016, lch. 41	M, N, O
37	Lampaí filiméid atá ceaptha lena n-úsáid i lampa-aonaid atá ceadaithe i bhfeithiclí cumhacht-thiomáinte agus a leantóirí	Sraith leasuithe 03	IO L 213, 18.7.2014, lch. 36	M, N, O
38	Lampaí ceo cúil le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte agus a leantóirí	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 4, 7.1.2012, lch. 20	M, N, O
39	Trealamh luasmhéadair agus odaiméadair lena n-áirítear a shuiteáil	Sraith leasuithe 01	IO L 302, 28.11.2018 lch. 106	M, N

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
43	Ábhair gloinithe sábháilteachta agus iad a shuiteáil ar an bhfeithicil	Sraith leasuithe 01	IO L 42, 12.2.2014, lch. 1	M, N, O
44	Gairis srianta do leanaí atá i bhfeithiclí cumhacht-thiomáinte ("Córais Srianta Linbh")	Sraith leasuithe 04	IO L 265, 30.9.2016, lch. 1	M, N
45	Glantóirí ceannlampa	Sraith leasuithe 01		M, N
46	Gairis amhairc neamhdhírigh agus a suiteáil	Sraith leasuithe 04	IO L 237, 8.8.2014, lch. 24	M, N
48	Suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta ar fheithiclí	Sraith leasuithe 06	IO L 14, 16.1.2019, lch. 42	M, N, O (°)
54	Aerbhoinn le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí (Aicme C2 agus Aicme C3)	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 307, 23.11.2011, lch. 2	M, N, O
55	Comhpháirteanna cúplála meicniúla i gcás cónaisc feithiclí	Sraith leasuithe 01	IO L 153, 15.6.2018, lch. 179	M, N, O (°)
58	Gairis cosanta fochrochta cúil (RUPDanna) agus a suiteáil; Fobharra cosanta ar chúl (RUP)	Sraith leasuithe 03	IO L 49, 20.2.2019, lch 1	M, N, O

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
61	Feithiclí tráchtála i dtaca lena starráin sheachtracha atá chun tosaigh ar phainéal cúil an chábáin	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 164, 30.6.2010, lch. 1	N
64	Aonad spártha le haghaidh úsáid shealadach, córais/boinn reatha éigeandála (agus córas faireacháin bhrú na mbonn)	Sraith leasuithe 02	IO L 310, 26.11.2010, lch. 18	M ₁ , N ₁
66	Nearr an fhorstruchtúir i mórfheithiclí paisinéirí	Sraith leasuithe 02	IO L 84, 30.3.2011, lch. 1	M ₂ , M ₃
67	Mótarfheithiclí a úsáideann GPL	Sraith leasuithe 01	IO L 285, 20.10.2016, lch. 1	M, N
73	Gairis cosanta cliathánaí feithiclí earraí	Sraith leasuithe 01	IO L 122, 8.5.2012, lch. 1	N ₂ , N ₃ , O ₃ , O ₄
77	Lampaí páirceála le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 4, 7.1.2012, lch. 21	M, N
79	Trealamh stiúrtha	Sraith leasuithe 03	IO L 318, 14.12.2018, lch 1	M, N, O
80	Suíocháin mórfheithiclí paisinéirí	Sraith leasuithe 03	IO L 226, 24.8.2013, lch. 20	M ₂ , M ₃
87	Lampaí reatha lae le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 4, 7.1.2012, lch. 24	M, N

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
89	Teorantóirí luais agus teorantóirí luais incheartaithe	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 4, 7.1.2012, lch. 25	M, N ^(d)
90	Cóimeálacha athsholáthair líneála coscáin. líneálacha coscáin drumma agus dioscaí agus drummaí le haghaidh feithiclí cumhacht-thiomáinte agus a leantóirí	Sraith leasuithe 02	IO L 290, 16.11.2018, lch. 54	M, N, O
91	Taobhlampaí le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 4, 7.1.2012, lch. 27	M, N, O
93	Gairis fobharra cosanta tosaigh (FUDPanna) agus a suiteáil; fobharra cosanta tosaigh (FUP)	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 185, 17.7.2010, lch. 56	N ₂ , N ₃
94	Cosaint do dhaoine i bhfeithicil i gcás imbhualadh tosaigh	Sraith leasuithe 03	IO L 35, 8.2.2018, lch. 1	M ₁
95	Cosaint do dhaoine i bhfeithicil i gcás imbhualadh cliathánach	Sraith leasuithe 03	IO L 183, 10.7.2015, lch. 91	M ₁ , N ₁
97	Córais Aláraim Feithicle (VAS)	Sraith leasuithe 01	IO L 122, 8.5.2012, lch. 19	M ₁ , N ₁ ^(e)

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
98	Ceannlampaí mótarfheithicle a bhfuil foinsí solais gás-díluchtaithe ina dtrealamh acu	Sraith leasuithe 01	IO L 176, 14.6.2014, lch. 64	M, N
99	Foinsí solais gás-díluchtaithe atá ceaptha lena n-úsáid i lampa-aonaid gás-díluchtaithe ceadaithe i bhfeithiclí cumhacht-thiomáinte	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 320, 17.12.2018, lch. 45	M, N
100	Sábháilteacht leictreach	Sraith leasuithe 02	IO L 302, 28.11.2018, lch 114	M, N
102	Gaireas gearr-chúplála (CCD); CCD de chineál atá ceadaithe a fheistiú	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 351, 30.12.2008, lch. 44	N ₂ , N ₃ , O ₃ , O ₄
104	Marcanna ais-fhrithchaiteacha (feithiclí troma agus fada)	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 75, 14.3.2014, lch. 29	M ₂ , M ₃ , N, O ₂ , O ₃ , O ₄
105	Feithiclí a úsáidtear chun earraí contúirteacha a iompar	Sraith leasuithe 05	IO L 4, 7.1.2012, lch. 30	N,O
107	Tógáil ghinearálta fheithiclí chatagóir M ₂ agus chatagóir M ₃	Sraith leasuithe 07	IO L 52, 23.2.2018, lch. 1	M ₂ , M ₃

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
108	Aerbhoinn atráchtaithe le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus a leantóirí	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 181, 4.7.2006, lch. 1	M ₁ , O ₁ , O ₂
109	Aerbhoinn atráchtaithe le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 181, 4.7.2006, lch. 1	M ₂ , M ₃ , N, O ₃ , O ₄
110	Comhpháirteanna sonracha do CNG agus GNL	Sraith leasuithe 01	IO L 166, 30.6.2015, lch. 1	M, N
112	Ceannlampaí mótarfheithicle a astaíonn léas scoite neamhshiméadrach nó léas tiomána nó an dá rud agus atá feistithe le lampaí filiméid agus/nó modúil LED	Sraith leasuithe 01	IO L 250, 22.8.2014, lch. 67	M, N
114	Córais mála aeir athsholáthair	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 373, 27.12.2006, lch. 272	M ₁ , N ₁
115	Córais iarfheistithe GPL agus CNG	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 323, 7.11.2014, lch. 91	M, N

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
116	Cosaint mótarfheithiclí in aghaidh úsáid neamhúdaraíthe	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 45, 16.2.2012, lch. 1	M ₁ , N ₁ (°)
117	Boinn a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí fuaime ó rolladh bonn, greamaitheacht ar dhromchlaí fliucha agus friotaíocht rollach (Aicme C1, Aicme C2 agus Aicme C3)	Sraith leasuithe 02	IO L 218, 12.8.2016, lch. 1	M, N, O
118	Dó-obacht ábhar inmheánach i mbusanna	Sraith leasuithe 02	IO L 102, 21.4.2015, lch. 67	M ₃
119	Lampaí coirnéil	Sraith leasuithe 01	IO L 89, 25.3.2014, lch. 101	M, N
121	Suíomh agus sainaitheint rialaitheoirí láimhe, nodchomharthaí agus táscairí	Sraith leasuithe 01	IO L 5, 8.1.2016, lch. 9	M, N
122	Córais téimh feithiclí	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 164, 30.6.2010, lch. 231	M, N, O
123	Córais soilse tosaigh oiriúnaitheacha (AFS) le haghaidh mótarfheithiclí	Sraith leasuithe 01	IO L 49, 20.2.2019, lch. 24	M, N
124	Boinn athsholáthair	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 375, 27.12.2006, lch. 568	M ₁ , N ₁ , O ₁ , O ₂

Uimhir an Rialacháin de chuid NA	Ábhar	Sraith leasuithe a foilsíodh in IO	Tagairt IO	Raon feidhme a chumhdaítear leis an Rialachán de chuid NA
125	Raon radhairc chun tosaigh	Sraith leasuithe 01	IO L 20, 25.1.2018, lch. 16	M ₁
126	Córais deighilte	An leagan bunaidh den Rialachán		M ₁
127	Sábháilteacht coisithe	Sraith leasuithe 02		M ₁ , N ₁
128	Foinsí solais dé-óide astaithe solais (LED)	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 320, 17.12.2018, lch 63	M, N, O
129	Córais feabhsaithe Sriantha Linbh	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 97, 29.3.2014, lch. 21	M, N
130	Córais Rabhaidh Imeachta ó Lána	An leagan bunaidh den Rialachán	IO L 178, 18.6.2014, lch. 29	M ₂ , M ₃ , N ₂ , N ₃ ^(f)
